Pilib Barún: Fear Mistéire

Dóirín Ni Mhurchú
as "Decies" Uimhir 2
The Old Waterford Society
Bealtaine 1976

Anois ar theacht an tSamhraidh, beidh cúrsai le h-aghaidh mic léinn na Gaeilge ag ath-oscailt ar fúd na nGaeltachtaí. I gContae Phort Láirge, beidh Colaiste na Rinne plódaithe mar is gnáth, ceann des na colaistí is faide atá ar an bhfód gan briseadh. Ach féidir le Co. Phort Lairge éileamh a dhéanamh ar an gcéad coláiste Gaeilge a bunaíodh riamh in Eireann, comh fada siar le 140 bliain ó shin, coláiste neamhcoitianta, aisling agus briseadh croí fear neamhcoitíanta , Pilib Barún. Fiú amháin sa lá atá inniu ann tá iarracht den rúndiamhar ag baint le Pilib Barún.

Rugadh é i nDarú, taobh leis an tSráidbhaile sa mbliain 1801 nó 1802- ar nós furmhór an eolais atá ar fáil dúinn, níl éinne ró-chinnte – agus é ar an duine is sine de sheachtar clainne a bhí ag Risteard Barún agus Catherine Hay. Dúirt Duglas de hÍde ina leabhar'Mise agus an Connradh' gur cainteoir Gaeilge ó dhuchais a bhí ann agus go raibh an teaghlach Barún ar cheann des na teaghlaigh is mó measa i gCondae Phort Láirge ag an am úd. Bhí cuid mhaith talamh acu agus cé go bhfuair an t-athair bás in 1812 nuair ná bhféadfadh Pilib bheith níos mó ná aon bhliain déag d'aois, deineadh soláthar maith don mbaintreach agus don gclann. I dtreo deireadh na bliana 1820 cláraíodh Pilib mar mhac léinn cónaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Deireann a fhoirm iontrála, atá fós ann, go bhfuair sé oideachas ó Mr Collins i bPort Láirge. Deireann Seamus ó Casaide ina leabhar 'The Irish Book Lover'1929 (Iúil – Lúnasa) nach bhfuil tásc na tuairisc in aon chor ar aon scoil a bheith fé chúram 'Mr Collins' ag tús an 19ú aois ach go raibh 'Mr. Connell' éigin ag muinteoireacht sa chathair ag an am agus d'fhéadfadh na hainmeacha a bheith curtha trína chéile dá dtabharfaí na hainmeacha ó bhéil don gcláraitheoir. Dealraíonn sé gurb é Dr J.H. Singer, a bhí ina dhiaidh sin mar Easpag Prodastúnach na Mí, a bhí mar oide aige. D'fhág Pilib Barún Coláiste na Trionoide gan chéim a bhaint amach. Dúirt Seán ó Cadhla gur chaith sé trí bhliain ann.

Go gairid im dhiaidh sin sa mbliain 1825, cheannaigh Pilib Barún nuachtán dó fhéin, 'The Waterford Cronicle'. Bhí fíor suim aige, mar a bhí ag a chlann sa cheist Chaitliceach, agus is dócha gurb é an príomh sprioc a bhí aige agus é ag ceannach an 'Chronicle' ná dul ag cabhrú leis an gCumann Caitliceach. Rith sé an páipéar ar feadh bliana agus bhí blas cróga, neamhspléach agus náisiúnach ag an bpáipéar céanna. Le linn tóghchán 1826 ghlac sé taobh 'Stuart' agus thacaigh sé lena iomaitheoir, Henry Villiers Stuart in aghaidh Lord George Beresford. Le linn an fheachtais toghchánaíochta , d'fhoilsigh sé alt sa Chronicle ag labhairt amach go fiochmhar in aghaidh an slí a dhéileáil Mr Denn, abhcóide Chorcaíoch, de réir dealraímh lena tionóntaithe in aice le Tulach an Iarainn. Seo an deis go raibh buíon Beresford ag feitheamh leis. Eisíodh cúis dlí i gcoinne Philib Barún fé clúmhilleadh mar úinéir den 'Waterford Chronicle'. Ta tuairiscí ar an gcás sa 'Dublin Morning

Register' 9ú Aibreáin 1827, an 'Dublin Morning Post' 9ú Aibreáin 1827, the 'Dublin Evening Mail' 11th April 1827 agus 'The Waterford Cronicle' April 1827. Nior tháinig an Barúnach fhéin fé bhráid na cúirte, ach bhí sé cosanta ag beirt cáiliúl, Sgt Goold, KC agus Dónal ó Conaill. Ainneoin líofacht 'Dan', seo cás amháin nár bhuaigh sé agus bronadh damáiste £1350 i gcoinne an Barúnaigh.

Ar an 8ú Bealtaine d'éisteadh le achomharc ar an mbonn go bhfuil duine de lucht an choiste gaolta le Lord George Beresford agus go raibh sé ar a choiste aimsir an thoghcháin. Mhol Mr Curran an rún ach theip air. Idir an dá linn bhí Pilib Barún tar éis teitheadh ón dtír, agus níor sheirbhéabadh an iascaire riamh. Tháinig sé I láthair go poiblí go deireannach ag cruinniú sa Halla Baile, Portláirge nuair a labhair sé ar 'Déiríocht' ar an 19ú Aibreáin, 1827. Bheartaigh sé ansan go bhfágfaidh sé an tír, in áit an fínéail, a mheas sé a bhí ollmhór agus éagóireach, a dhíol.

Tar éis tost gairid, tháinig an Chronicle amach arís ar an 8ú Bealtaine agus ní fada go raibh litreaca le feiscint ann fén ainm cleite 'Hibernicus '. Ba as Párthas dóibh agus toisc an dearcadh Náisiúnach agus an stile a bhí iontu, b'é an tuairim coitianta gur o pheann an iar-úinéara a thánadar. Bhí sé i bPáras go dtí Aibreán na bliana dár gcionn agus tá an cuma ar an scéal gur imigh sé go dtí an Iodáil. Bé cás clúmhillte an tUas Denn an gaoth olc a shéid do dhuine éigin , mar i gcás Pilib Barún agus é ar deoraíoocht gur thug sé fé ndeara an t-aitheantas náisiunta a bhi ag na tíortha difriúla a chonaic sé. Oscailt sul dó ba ea é . Chuaigh sé i bhfeidhm air, agus é ag féachaint ar cheol, amhráin, culture agus teangacha na dtíortha seo, an cailliúint mhór a bhí ag titim amach in Éirinn de dheasca an faillí agus an cur fé chois a bhí á dhéanamh ar an oidhreacht náisiúnta. Is ón dtuiscint seo a tháinig a aisling ar an scoil.

Se an céad áit eile go n-airimíd trácht ar Philib Barún is ea i Mí Iúil 1830 nuair a chuaigh sé ar thoscaireacht go Cill Chainnigh chun a shean-chosantóir Dónal O'Conaill a fheiscint. An uair seo bhí sé fhéin agus a chomhleacaithe ag moladh don Chonallach a bheith mar iarrthóir do Phort Láirge i dtoghcháin Westminister. Ach ni raibh aon suim ag an bhfear mór ann. Deireann Mattew Buter gur fhill an Barúnach abhaile go h-Éireann an Lúnasa nó Meán Fomhair roimhe sin.

Ar an 5ú de Mhí na Nollag 1830, d'fhreastal sé ar chruinniú de aitreamhóirí Caitleacha Dhún Garbháin agus labhair sé ann. Glaodh an cruinniú mar theastaigh ó mhuintir an bhaile ráflaí béadánacha a chuireadh amach mar gheall ar an sagart paróiste, an Doctúir O Fuaráin agus an sagart cúnta, an t-Ath O Fógartaigh, a bhréagniú. Toghadh an Barúnach ar an gcoiste a chuireadh le chéile ag an gcruinniú. Tá léargas suimiúil ar an scéal seo le fáil i leabhair amhrán 'Sidh Cheoil' leis an t-Ath Pádraig Breathnach a foilsíodh i 1924. Ag tabhairt do na hamhrán 'Síle Ní Ghadhra' le focail tradisiúnta Co. Phort Láirge, leanann sé air le nóta mar gheall ar Dr. Foran, a bhí luaite san amhrán. Dúirt sé gur ghlac sagart paróiste Dun Garbháin páirt le nia an Diúc Devonshire, 'the Hon George Lamb'. Tá sé ag déanamh

tagairte, dar ndóigh, dos na toghcháin. Mar sin, ainneoin gur thóg Dr Foran taobh na ndaoine a bhí freagrach as é a thabhairt chun na cúirte, bhí Pilib Barún toiltineach a dhea-chlú a chosaint go poiblí agus freastal ar choiste a bhí curtha le chéile chun é a chosaint chomh maith.

B'é cuspoir Philib Barún leabhair a chur ar fáil do choismuintir na hÉireann ina mbeadh a dteanga, tradisiúin, stair, amhráin agus seandálaíocht fhéin agus go mbeadh na leabhair seo comh saor go mbeadh an té is boichte acu in amhainn iad a cheannach fiú. Aisling eile a bhí aige, ná coláiste a chur ar fáil, tré mhéan na Gaeilge, a sholáthródh oideachas fíorghaelach do dhaltai óga agus cursaí oiche do dhaltaí fásta iarthar Phort Láirge. Thosaigh se anois ar thréibhse dian staidéara chun é fhéin a ullmhu le h-aghaidh an obair ollmhór seo.

Óna 1830 go 1834 chuaigh sé i dteangmháil le scoláiri ar fud na tíre, ag scríobh agus ag fáil, meastar, na céadta litreacha, cé nár tháinig aon cheann acu slán. Ansan in 1834 thosnaigh sé ag obair ar thógaint a choláiste. Fágadh tailte a athar, go dtugtaí ' The Mount Castle Estate' le hucht ag Pilib agus is ar a chuid talún fhéin a roghnaigh sé an t-ionad le haghaidh foirgnimh an choláiste. Deireann Mattew Butler gur chónaigh se i Seafield House faid is a bhí an tógaint ar siúl. Déanann an Barúnach fhéin cur sios ar an dtoradh 'Sa foirgneamh seo, tá an sean órd Gothach roghnaithe. Tá dhá thigh ar chul an fhoirgnimh le macha sa lár. Tá na tithe (returns) seo Gothach chomh maith.'

Léirionn mapa Ordanance Survey 1841 a leithéad de fhoirgneamh ar oirthear baile fearainn Garrán Fheannóige cé go ndeireann an Buitléarach go raibh sé suite ar theorainn theas an bhaile fearainn céanna gar do bothar 'Gleann an Fearbail' agus go raibh trí spuic air. I 1916 nuair a thosnaigh sraith chuimsitheach altanna sa 'Catholic Record of Waterford and Lismore' leis an mBuitléarach agus é ag caint ar an mBarúnach deireann sé gur chlúdaigh na fobhracha limistéar thimpeall 20x16 slat. Ní foirgneamh an-mhór de réir dealraimh ach maorga go leor. Is é an cur síos a thug an Barúnach ar an scéal ná go raibh an coláiste suite 'i ngleann ciúin, ar chúl na gaoithe i measc na gcnoc, míle ó Bhun Machain agus trí mhíle ón tSráidbhaile.

Ar an gcéad lá de Eanair 1835, bhí coláiste Philib Barún oscailte. Bhí sé fógraithe aige sa 'Freeman's Journal', go mbeadh Gaolainn á mhúineadh ann agus Scríobhnóireacht, Áireamh, Miosúireacht, Loingseoireacht, Béarla, Graiméar, Tíreolaíocht, Stair, Laidin, Gréidis agus Eabhrais comh maith. Bhí an coláiste le bheith dhá theangach ar dtús, agus chomh luath is a bheidh a chuid daltaí go léir ina gcainteoirí líofa Gaolainne, bhí sé beartaithe aige na hábhair go léir a mhuineadh trí mheán na Gaeilge. Níl aon chuntas ann ar na muinteoirí a bhí aige, nó cé mhéid acu a bhí ann. Seans go raibh roinnt ábhar á mhuineadh aige fhéin. Rith se ranganna oíche go dhaoine áitiula chomh maith, go raibh rang feirmeoireachta san áireamh. Bhí an-suim aige ina bheith ag cur feabhais ar an dtalamhaíocht in Éirinn agus tuiscint aige is dócha nárbh fhada uaidh an Gorta Mór. In an-chuid slite bhí an Barúnach chun tosaigh ar Pádraig Mac Piarais agus Coláiste Éanna. D'eagraigh sé roinnt comórtaisí dá dhaltai a bhí an-chosúil leis na comórtaisí tosaigh Oideachtais.

In éineacht le hoscailt Coláiste Bhun Mhachain, chuir Pilib barun tús le foilsitheoireacht a chuid leabhrán. Ar an gcéad lá Eanair 1835 tháinig 'Ancient Ireland I' ar an saol. Seo toradh de nach mór de naoi mbliana ullamhúcháin, dar leis fhéin, agus ní raibh aon amhras air ach go raibh se chun tús a chur de 'Renaissance na Gaeilge'. Scriobhann se 'Tuigim go maith an díograis a phléascfaidh amach nuair a thiocfaidh an irisleabhar ar an saol'. Ligfidh mé dó dul amch sa saol anois gan scáth gan eagla maidir leis an fáilte a chuirfear roimhe. Ón data seo (1 Eanair 1835) beidh tús le athbhechaint na foghlama in Éirinn.

Bhí an athbheochaint seo le tarlú trí an coláiste, an irisleabhar, agus ní lú ná 25 saghasanna foilseacháin, sa réimse 24 eagrán de Bhunleabhair Gaeilge go dtí foclóirí, leabhair teagasc Chríostaí, searmóirí, leabhair tíreolaíochta agus staire, go dtí Graiméar Eabhrach (chreid an Barúnach go raibh dlúthbaint idir an Ghaeilge agus an Eabhrais). Clóbhuaileadh 10,000 cóip de 'Ancient Ireland No.I' agus bhi athcló ag teastáil. Tháinig Imleabhair 2 agus 3 amach i Mí Eanair agus 16 leathnach i ngach ceann acu agus thar tréimhse sé mhí ina dhiadh sin, eisíodh sé chinn des na foilsiúchcháin eile. Tháinig 'Ancient Ireland IV' amach I Mí Aibreáin mar iris mhíosiúil de 112 leathnach agus bhí 176 leathnach dlúth- clóbhuailte in eagrán Mí Bhealtaine. Go dtí seo bhi 200,000 leabhrán scaipithe ag an mBarúnach dar leis an mBuitléarach.

Fós deireann an eagarfhocal in 'Ancient Ireland' (Bealtaine '35) go raibh roinnt díomá air ná raibh tuilleadh agus níos mó éagsúlacht des na bunleabhair ar fáil. Bhí sé le rá aige mar gheall ar an nganntanas scríobhnóirí 'Cá bhfuil lucht léinn agus stairithe na tire? ní féidir cúnamh a fháil fíú amháin uathu siúd go bhfuil fíor suim agus spéis acu sa cháis..... ní fada eile go mbeidh an-éagsúlacht de irisí beaga Gaeilge amuigh again'. Ach nór tháinig a thuilleadh ar an saol.

Ia anseo a bhíonn tús leis an rúndiamhair. Creidtear gur dúnadh an coláiste i Mí Bhealtaine no Meitheamh. Níl a fhios ag éinne go cinnte cathain a dúnadh é. Deireann O Cadhla go raibh air é a dhúnadh 'I gcionn leath bhliana'. Cad a tharla chun deireadh agus críoch chomh tobann a chur leis na haislingí agus na h-uaillmhianta an fhir neamhgnách seo? Nil mar fhreagra againn ach raflaí, tuairimíocht agus dóchúlacht. Deireann Seamus O Casaide gur thit sé I mbochtannas tar éis teip dá iarratas liteartha agus costas tógaint an choláiste. Téann an Buitléarach níos doimhne isteach sa scéal agus luann se roinnt des na cúiseanna fé ndearra dúnadh an choláiste.

Slí údarásach an Bharúnach a chuir an conach ar fiú a sheana chairde(luann Dónal O Corcoran go raibh O Curraí agus O Donabhaín mar naimhde aige), an naimhdeas folaithe a bhí ag Éireannaigh cumhachta air an rath de réir dealraimh a bhí ar Dónal O Conaill agus an searbhús aige ar an nGaoluinn. Deireann Michael O Mahony ó Mun Mhachain san 'United Irishman' 14ú Deireadh Fomhair 1905 gur dúnadh an coláiste, toisc de réir tradisiún mBun Machain, gur ghlaoigh Paoraigh Lios na gCaorach isteach ar morgáiste ar shealúchas an Bharúnaigh. Nil aon chúntas ar a leithéid de mhorgáiste a bheith ann cé go bhfuil cinn eile den tréimhse céanna fós ann. Tugann na cuntaisí go léir le fios gur chuaigh an Barúnach thar fóir leis an

gcaiteachas. Ach an leor seo mar cúis go n-imeodh sé ar fad ó leathnaigh na staire? Dealraíonn sé domsa gur tháinig lagmhisneach millteach air. Chreid Seamus O Casaide gur éirigh sé tinn, d'imigh go Londain, fuair sé bás ann roimh 1837 agus gur cuireadh fén gcré i gceann des na reiligí Caitliceacha ann é. Deireann se chomh mhaith go ndúirt scríobhnóir gan ainm go raibh bean chéile ag an mBarúnach a mhair blianta fada ina dhiaidh agus go bhfuair sí bás sa deireadh san Eilbhéis. Ach dúirt Fr Stephen Barron (O. CIST.), go raibh gaol i bhfad amach aige leis, go bhfuair sé bás gan a bheith pósta riamh. Luaigh William Williams agus é ag scríobh sa 'Shamrock' 26/10/1867 gur imigh Pilib Barún go Páras, tar éis teip an choláiste, áit a bhfuair sé bás timpeall 7 mbliana ó shin, b'shin timpeall 1860.

Bhí Pilib Barún beo go cinnte sa mbliain 1839, tá a shíniú fós le feiscint ar chaipéis go bhfuil an data 6ú Iuil air ón mbliain sin. B'shin nuair a bhi fágtha dá chuid maoine á dhíol. Fuair sé £7650 air ach bhí fiacha £4000 air, deachúna (tithes) £1472 sa áireamh ansan. Caithfidh go raibh se fós beo in 1841 bliain inár scriobh file ó Charraig Tuathail, Daithí de Barra dán as Gaoluinn ina onóir agus scríobh sé litir lena chois agus é á sheoladh chuig an mBarúnach. Sílim go mbeadh sé reasúnta teacht ar an dtuairim go bhfuir se bás de bharr briseadh croí, mar níor tháinig oiread is focal amháin uaidh agus é ar a dheoraíocht dheireannach.

Is léir ón bpictiúr den bhfear seo gur duine meabhrach,oillte a bhí ann. Cé nárbh fear gnó é, bhí sé ina teangeolaí agus ina stairí. Is beag an meas a bhí aige ar amadáin agus tharraing an bealach údarásach a bhí aige naimhdeas ar fhéin. Idéalaí ba ea é gan amhras agus dealraionn sé go raibh se teasaí comh maith. Tá se ráite gur throid sé comhrac aonair ar a laghad ar dhá ócáid. Ní raibh sé ach fiche bliana d'aois nuair a thug se an dushlán ar dtús. Oifigneach in airm Shasana a bhí mar chéile comhraic aige. Thug an Barúnach cuireadh chun comhraic dó tar éis dó cailin a bhi gaolta don mBarúnach a mhaslú. Scaoileadar dhá urchar phiostail lena chéile, agus do phléasc an dara urchar an Bharúnaigh cnámh ceathrúna an oifigigh. Troideadh an dushlán seo ag Mount Néill, taobh thiar de bearna paidhc an Sciobairin ar bhóthar Corcaí. Go moch ar maidin a troideach an comhrac eile i gContae Cill Cainnigh. Bhí Richard Sargent tar éis 'bréagadóir agus bithiúnach' a thabhairt ar an mBarúnach sa 'Mail'. Scaoil an bheirt acu trí urchar an duine ach níor deireadh aon dochar agus d'imíodar abhaile gan a chlú a bheith caillte ag ceachtar acu.

In Acadamh Ríoga na hÉireann tá dhá leabhar a bronnadh ar Philib Barún (bhí sé ina bhall den Acadamh ó 1834 go 1837). Is aistriúcháin Gaeilge le Thomas Feenachty iad de dhá úrscéal de chuid Maria Edgeworth, 'Forgive and Forget' agus 'Rosanna'. Is beag eile dá chuid atá fágtha, níl litreacha, páipéirí ná giuirléidí eile a bhaineann le Pilib Barún ann. Ní fheadair agus é in isle brí ar chuir sé tine leis an iomad comhfhreagras go léir a bhi bailithe aige agus é ag cur 'Ancient Ireland' le chéile. Nó an bhféadfaidís a bheith i sean trunca, ailéir nó bóthán éigin?

Dúirt an Mathúnach i 1905 gur tháinig se ar ionad an choláiste. Mhínigh sé conas ná raibh aon cloche fágtha mar gur thug na feirmeoirí áitiula leo iad chun tithe ba a thógaint nó gur tógadh iad chun tithe a thógaint do

mhianadóirí Bun Machain. Bhi amhras ar Seamus O Casaide áfach maidir le fírinne na dtuairimí sin.

Ní fios cá bhfuil Pilib Barun curtha ach is dócha gur áit eigin san Eoraip é. Thug an t-Ollamh Eoin Mac Néill 'céad conraitheoir na Gaeilge' air agus gan amhras bhí se i bhfad chun tosaigh ar an t-am inár mhair sé. Thuig sé an tábhacht a bhí le aitheantas náisiúnta tráth beag duine a bhí ar an dtuiscint céanna. Da mhairfeadh sé céad bliain ina dhiaidh sin bheadh sé i measc dream a bhí ar an bport céanna leis fhéin, sé sin fir 1916 agus iad siúd a tháinig ina dhiaidh. Ach ina ionad san threabh sé iomaire aonair ina cheantar fhéin. Tá urraim mhór tuillte aige agus ba choir go mbeadh sé inár gcuimhne.

Dóirín Ni Mhurchú
May 1976

Tá an doicimint seo bunaithe ar bunshaothar Dóirín Uí Mhurchú scríofa Mí Bhealtaine 1976 sa Decies, ciorclán na linne san ag The Old Waterford Society. D'athscríobh Daithi de Paor agus James Mernin é go digiteach agus d'aistrigh Caoimhín de Paor é. Is Príomhoide é Daithí de Paor ar Ghaelscoil Philib Barún, scoil bunaithe in omós do Philib Barún i dTrá Mhór, Co. Phort Lairge. Is tuismitheoir James Mernin agus is iarmhúinteoir é Caoimhín de Paor atá anois eirithe as.

http://www.pilibbarun.com